C/2024/6496

31.10.2024

Foilsiú folúntais le haghaidh fheidhm Ard - Stiúrthóir – An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)
(Grád AD 15)

Fostú Baill Foirne Shealadaigh (Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile)

(COM/2024/10450)

(C/2024/6496)

Cé sinn

Tá an comhrac in aghaidh na calaoise agus gníomhaíochtaí mídhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh i gcroílár inchreidteacht thionscadal na hEorpa.

Chuige sin, imscrúdaíonn OLAF, ar Ard-Stiúrthóireacht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é, líomhaintí calaoise agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a bhfuil iarmhairtí airgeadais acu ar an mBuiséad Eorpach, agus ar bhonn níos ginearálta feidhmíonn sé inniúlachtaí oibríochtúla an Choimisiúin i réimse chosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, tugann sé cúnamh do na Ballstáit sa chomhrac i gcoinne na calaoise agus ullmhaíonn sé tionscnaimh reachtacha agus rialála an Choimisiúin sa réimse sin.

Tá neamhspleáchas reachtúil ag Ard-Stiúrthóir OLAF agus é i mbun imscrúduithe. Cumhdaítear Institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais Eorpaigh le cumhachtaí imscrúdaitheacha neamhspleácha OLAF, chomh maith le hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le buiséad an Aontais Eorpaigh sna Ballstáit agus i dtríú tíortha araon.

Lasmuigh de na gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha a bhfuil OLAF go hiomlán neamhspleách ina leith, gníomhaíonn an Oifig ar an gcaoi chéanna le hArd-Stiúrthóireachtaí eile de chuid an Choimisiúin maidir le beartais a cheapadh agus a sholáthar laistigh dá réimse inniúlachta, faoi threoir pholaitiúil an Choimisiúin.

Is Coiste Maoirseachta atá comhdhéanta de chúigear daoine neamhspleácha ón taobh amuigh den Choimisiún Eorpach a dhéanann maoirseacht ar chur chun feidhme fheidhm imscrúdaitheach OLAF.

Tá an creat dlíthiúil lena leagtar síos cuspóirí agus cúraimí OLAF agus a fheidhmiú le fáil i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 ([1]).

An tairiscint

Tá an Coimisiún Eorpach ag iarraidh Ard-Stiúrthóir na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) a fhostú mar Ghníomhaire Sealadach ar feadh tréimhse 7 mbliana nach féidir a athnuachan, i gcomhréir le téarmaí Airteagal 17(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020.

Tá an tArd-Stiúrthóir freagrach, ar bhonn iomlán neamhspleách, as gníomhaíocht imscrúdaitheach OLAF.

Tuairisceoidh an tArd-Stiúrthóir go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí maidir le torthaí imscrúduithe a dhéanann an Oifig, aon bheart atá déanta agus na fadhbanna a bhaineann leis, agus ag an am céanna urramófar rúndacht na n-imscrúduithe, cearta dlisteanacha na ndaoine lena mbaineann agus na bhfaisnéiseoirí, agus, nuair is iomchuí, an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le himeachtaí breithiúnacha.

Coinneoidh an tArd-Stiúrthóir an Coiste Maoirseachta ar an eolas go tráthrialta faoi ghníomhaíochtaí na hOifige, faoi chur chun feidhme a feidhme imscrúdaithí agus faoi aon bheart a dhéanfar mar bheart leantach i leith imscrúduithe chun go mbeidh an Coiste Maoirseachta in ann a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus feidhmíocht sa réimse sin a mheasúnú.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:02013R0883-20210117.

Ina theannta sin, agus faoi mhaoirseacht an Choimisinéara atá freagrach as leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint, déanann an tArd-Stiúrthóir bainistiú ar rannchuidiú OLAF le straitéis frithchalaoise an Choimisiúin a cheapadh. Tá an tArd-Stiúrthóir freagrach freisin as cúnamh OLAF do na Ballstáit trí dhlúthchomhar rialta a eagrú idir a n-údaráis inniúla, chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí atá dírithe ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint trí mhodhanna a cheapadh agus a fhorbairt chun calaois a chosc agus a chomhrac.

Bainistíonn an tArd-Stiúrthóir OLAF i gcomhréir lena ráiteas misin agus leis an gclár oibre oibríochtúil bliantúil arna bhunú faoina údarás.

Beidh an tArd-Stiúrthóir freagrach as Ard-Stiúrthóireacht ina bhfuil ceithre Stiúrthóireacht agus thart ar 480 ball foirne. Bainisteoidh sé buiséad riaracháin dar luach thart ar € 67 milliún, mar aon le buiséad oibríochtúil de thart ar € 180 milliún don tréimhse 2021–2027 i gcomhthéacs Chlár Frithchalaoise an Aontais (CFCA). Déanfaidh an tArd-Stiúrthóir réamh-dhréachtbhuiséad neamhspleách a ullmhú agus a chur isteach, agus beidh sé ina oifigeach údarúcháin i leith an dhréachtbhuiséid sin.

Cad atá á lorg againn (na critéir roghnúcháin)

Ba cheart an méid seo a leanas a bheith ag na hiarratasóirí:

Buanna pearsanta:

— Breithiúnas fónta agus cumas cinnteoireachta den scoth;

— A bheith in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil leis na páirtithe leasmhara uile atá laistigh nó lasmuigh den Choimisiún agus caidreamh iontaofa oibre a chothú leo.

Sainscileanna agus saintaithí:

— Taithí ghairmiúil shuntasach agus cuntas teiste cruthaithe i ngníomhaíochtaí imscrúdaithe nó coiscthe calaoise; bheadh saineolas cruthaithe nó taithí chruthaithe i bpost breithiúnach sinsearach nó i bpost feidhmiúcháin imscrúdaitheach ina bhuntáiste, agus measfar taithí ar an leibhéal idirnáisiúnta a bheith ina buntáiste;

— Sáreolas a bheith acu ar na príomh-shaincheisteanna dlíthiúla agus praiticiúla a d'fhéadfadh teacht aníos sa chomhrac i gcoinne na calaoise agus imeachtaí coiriúla sa réimse sin;

— Tiomantas a léiriú maidir leis na cearta bunúsacha agus na ráthaíochtaí nós imeachta is infheidhme maidir le creat imscrúdaithe OLAF a chaomhnú agus a chosaint;

— Eolas den scoth a bheith acu ar chreat institiúideach agus dlíthiúil an Aontais.

Scileanna bainistíochta:

— Taithí chruthaithe san ardbhainistíocht agus scileanna láidre ceannaireachta a léiriú, agus an cumas an cumas foireann gairmithe ardinniúla a oibríonn i réimse speisialtóireachta a stiúradh, a ghríosadh, agus a spreagadh;

— An cumas a bheith acu oibriú i dtimpeallacht chasta ilchultúrtha agus foirne a spreagadh agus a fhorbairt chun barr a gcumais a bhaint amach;

— An cumas a bheith acu smaoineamh ar bhealach cruthaitheach agus straitéiseach chun fís agus beartas soiléir a chruthú don Ard-Stiúrthóireacht agus comhsheasmhacht le cuspóirí foriomlána an Choimisiún a áirithiú ag an am céanna;

— Taithí chruthaithe a bheith acu ar phleanáil agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar acmhainní daonna, buiséadacha agus airgeadais ar leibhéal na hardbhainistíochta.

Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh (ceanglais incháilitheachta)

Ní chuirfear san áireamh le haghaidh na céime roghnúcháin ach iarrthóirí a chomhlíonfaidh na ceanglais fhoirmiúla seo a leanas **faoin sprioc-am maidir le hiarratais**:

— *Náisiúntacht*: ní ghlacfar le hiarratas ach ó dhaoine a bhfuil saoránacht ceann de na Ballstáit de chuid an Aontais acu.

— *Céim ollscoile nó dioplóma*: ní mór d'iarrthóirí:

— leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;

— sin nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí dar fad bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).

— *Taithí ghairmiúil*: ní mór d'iarrthóirí 15 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil ([2]) iarchéime a bheith acu ar leibhéal ar féidir le duine tosú air ach na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas a bheith aige.

— *Taithí bhainistíochta*: ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil iarchéime a bheith faighte i bpost bainistíochta ardleibhéil ([3]).

— *Teangacha*: ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([4]) agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh go gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Mar chuid den tástáil chéanna d'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin.

— *Teorainn aoise*: Ní mór do na hiarrthóirí a bheith in ann an sainordú iomlán 7 mbliana ar a laghad a chur i gcrích sula mbainfidh siad an aois scoir amach, aois atá sainithe, do chomhaltaí d'fhoireann shealadach an Aontais Eorpaigh, mar dheireadh na míosa inar shlánaigh an duine 66 bliana (féach Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus Airteagal 52 lit (a) de na Rialacháin Foirne ([5])), tréimhse a bhféadfaí í a shíneadh, go heisceachtúil, go dtí aois 70 bliain d'aois.

Má bhíonn aon cheann de na riachtanais incháilitheachta gan comhlíonadh, eisiafar an t-iarrthóir ón bpróiseas roghnúcháin.

Roghnúchán agus ceapachán

Is de réir nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanfar an roghnúchán agus an ceapachán (féach: Doiciméad maidir leis an mBeartas um Oifigigh Shinsearacha ([6])).

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun. Déanfaidh an painéal sin anailís ar na hiarratais go léir, déanfaidh siad an chéad fhíorú incháilitheachta ina dhiaidh sin agus sainaithneoidh siad na hiarrthóirí a bhfuil na comhaid iarratais ([7]) is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin atá luaite thuas, agus a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

Tar éis na n-agallamh sin, déanfaidh an painéal réamhroghnúcháin a gcuid conclúidí a tharraingt suas, agus molfaidh siad liosta iarrthóirí le haghaidh agallaimh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapacháin. Cuirfidh an Coiste Comhairleach um Cheapacháin conclúidí an phainéil réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh leis an gCoiste Comhairleach um Cheapacháin dóibh, glacfaidh siad páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán agus a reáchtálfaidh comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Tiomsóidh an Coiste Comhairleach um Cheapacháin gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann siad a bheadh oiriúnach don phost, i bhfianaise thorthaí an agallaimh agus thuarascáil an ionaid measúnaithe.

([2]) Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhír atá i gceist léi, caidreamh arb é an sainmhíniú atá air fíorobair a bhfuarthas pá aisti i gcáil fostaí (ar aon chineál conartha) nó soláthraí seirbhíse. Gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha, is ar bhonn pro rata a dhéanfar iad a ríomh, de réir an chéatadáin dheimhnithe de na huaireanta lánaimseartha a d'oibrigh an t-iarrthóir. Cuirtear san áireamh saoire mháithreachais/saoire tuismitheora/saoire chun páiste a uchtú, más faoi chuimsiú conradh oibre atá sí. Is cuid den taithí ghairmiúil í dochtúireacht, fiú amháin nuair nach dochtúireacht ar pá í, ach tá uastréimhse 3 bliana i gceist leis sin, agus ní mór an dochtúireacht a bheith curtha i gcrích. Ní féidir aon tréimhse ar leith a chomhaireamh ach uair amháin.

([3]) Maidir leis na blianta uile ina bhfuair na hiarrthóirí taithí bhainistíochta, ba cheart dóibh a léiriú go soiléir ina curriculum vitae: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu agus na poist sin acu; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) an líon sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) líon na bpiaraí.

([4]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701.

([5]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701.

([6]) https://commission.europa.eu/jobs-european-commission/job-opportunities/managers-european-commission_en#documents (is i mBéarla amháin atá an téacs le fáil).

([7]) Féadfar a iarraidh ar iarrthóirí doiciméid a thacaíonn leis na ráitis ina n-iarratas a chur ar fáil tráth ar bith le linn an nós imeachta.

Is é an Comhalta/is iad na Comhaltaí ábhartha den Choimisiún a chuirfidh agallamh ar na hiarrthóirí atá ar ghearrliosta an Choiste Chomhairligh um Cheapacháin.

Tar éis na n-agallamh sin, tarraingeoidh an Coimisiún suas liosta d'iarrthóirí atá cáilithe go cuí. Tar éis don Choiste Maoirseachta tuairim fhabhrach a thabhairt maidir leis an nós imeachta roghnúcháin arna chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún, tiocfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú in am trátha maidir le gearrliosta de thriúr iarrthóirí ón liosta d'iarrthóirí oiriúnacha arna tharraingt suas ag an gCoimisiún. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar iarratasóirí iad féin a chur i láthair an choiste inniúil/na gcoistí inniúla i bParlaimint na hEorpa agus/nó os comhair na Comhairle agus ceisteanna a d'fhéadfaí a chur orthu ag na hócáidí sin a fhreagairt. Ar deireadh, ceapfaidh an Coimisiún an tArd-Stiúrthóir ón ngearrliosta a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

Ní mór don iarrthóir a roghnófar aon oibleagáid dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige, teistiméireachtaí carachtair cuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá sé i dtaca lena chuid dualgas a dhéanamh, agus a bheith in ann ag a chuid dualgas ó thaobh folláine coirp de.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is éard atá in imréiteach slándála pearsanta cinneadh riaracháin a dhéantar i ndiaidh d'údarás náisiúnta slándála inniúil an duine grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt don duine sin rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála a fháil, agus nach féidir sin a dhéanamh ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir a roghnófar ar fhaisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, ná ní fhreastalóidh sé ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtí go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanta agus go gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin, seisiún atá ina cheanglas dlí.

Comhdheiseanna

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, saothraíonn an Coimisiún Eorpach cuspóir straitéiseach an comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta faoi dheireadh a shainordaithe reatha agus cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

Coinníollacha fostaíochta

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

Fostófar an t-iarrthóir a roghnófar mar Ghníomhaire Sealadach de ghrád AD15 faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile ar feadh sainordú 7 mbliana nach bhféadfar a athnuachan. Rangófar iad i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a dtaithí oibre roimhe sin.

Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear faoi Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí a chur i gcrích agus toradh sásúil uirthi.

Is sa Bhruiséil atá an t-ionad oibre.

Meastar go rachaidh an t-iarratasóir a roghnófar i mbun dualgas i mí Lúnasa 2025.

Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna

Beidh sé de cheangal ar na hiarrthóirí a roghnófar dearbhú a thabhairt go bhfuil siad tiomanta do bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá acu a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

Eolas tábhachtach d'iarrthóirí

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar aon duine eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil lena mbaineann.

Cosaint sonraí pearsanta

Cinnteoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

Nós imeachta um iarratais

Sula gcuirfidh tú d'iarratas isteach, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann tú gach ceann de na ceanglais incháilitheachta ('Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí'). Má bhíonn aon cheann de na riachtanais incháilitheachta gan comhlíonadh, cuirtear i gcuimhne duit go n-eisiafar thú ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas a leanúint: https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagement vacancies/.

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárúchán a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a chríochnú, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass ([9]) más féidir, agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar le ríomhphost. Má bhíonn tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig:

HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu.

Is fútsa atá sé do chlárúchán ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeidh sé críochnaithe agat, rud a d'fhágfadh go mbeidh ort an próiseas iomlán a dhéanamh athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlacfar le clárúcháin dhéanacha.

Dáta deiridh

Is é an **29 Samhain 2024**, **12.00 meán lae, am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.

([8]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([9]) Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: https://europa.eu/europass/en/create-europass-cv.